Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Nollaig 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0400(COD)**

**14949/21**
**ADD 1**

**CODIF 34**
**CODEC 1635**
**TRANS 751**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 769 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe atá i gcúrsaíocht laistigh den Aontas (códú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 769 final - Iarscríbhinní I go V.

---

Faoi iamh: COM(2021) 769 final - Iarscríbhinní I go V.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.12.2021
COM(2021) 769 final

ANNEXES 1 to 5

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe atá i gcúrsaíocht laistigh den Aontas (códú)**

| ▼ 96/53 (oiriúnaithe) |
|---|
| ➔1 2002/7 Airt. 1.7(a) |
| ➔2 2015/719 Airt. 1.9(a) |
| ➔3 2015/719 Airt. 1.9(b) |
| ➔4 2002/7 Airt. 1.7(b) |
| ➔5 2002/7 Airt. 1.7(c) |
| ➔6 2019/1242 Airt. 20.3(a) |
| ➔7 2015/719 Airt. 1.9(c) |
| ➔8 2015/719 Airt. 1.9(d) |
| ➔9 2015/719 Airt. 1.9(e) |
| ➔10 2019/1242 Airt. 20.3(b) |
| ➔11 2015/719 Airt. 1.9(f) |
| ➔12 2015/719 Airt. 1.9(g) |

# IARSCRÍBHINN I

## MEÁCHAIN AGUS TOISÍ UASTA AGUS AIRÍONNA GAOLMHARA FEITHICLÍ

| | | |
|---|---|---|
| 1. | *Toisí údaraithe uasta le haghaidh na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a)* | |
| ➔1 1.1 ← | ➔1 *fad uasta:* ← | |
| | ➔1 — mótarfheithicil eile seachas bus ← | ➔1 12,00 m ← |
| | ➔1 — leantóir ← | ➔1 12,00 m ← |
| | ➔1 — feithicil altach ← | ➔1 16,50 m ← |
| | ➔1 — traein bhóthair ← | ➔1 18,75 m ← |
| | ➔1 — bus altach ← | ➔1 18,75 m ← |
| | ➔1 — bus dhá acastóir ← | ➔1 13,50 m ← |
| | ➔1 — bus a bhfuil níos mó ná dhá acastóir aige ← | ➔1 15,00 m ← |
| | ➔1 — bus + leantóir ← | ➔1 18,75 m ← |
| 1.2 | *Leithead uasta:* | |
| | ➔2 (a) gach feithicil seachas na ⌦ hearraí ⌫ dá dtagraítear i bpointe (b) ← | ➔2 2,55 m ← |
| | ➔3 (b) forstruchtúir feithiclí cóirithe nó coimeádáin chóirithe nó cabhlacha soghluaiste a iompraíonn feithiclí ← | ➔3 2,60 m ← |
| 1.3 | *Airde uasta (aon fheithicil)* | 4,00 m |
| 1.4 | Forstruchtúir inbhainte agus earraí lastais caighdeánaithe amhail coimeádáin, cuimsítear iad | |

| | | |
|---|---|---|
| | sna toisí a shonraítear i bpointí 1.1, 1.2, 1.3, 1.8, 1.9, 1.10 agus 4.4. | |
| ➔4 1.5 🡐 | ➔4 Má dhéantar aon cheangaltán inbhainte amhail bosca sciála a fheistiú ar bhus, ní mór nach rachaidh fad an bhus, na ceangaltáin san áireamh, thar an bhfad uasta a leagtar síos i bpointe 1.1. 🡐 | |
| 1.6 | Aon mhótarfheithicil nó cónasc feithicle atá ag gluaiseacht, ní mór di nó dó a bheith in ann casadh laistigh de ghlanchiorcal dar ga seachtrach 12,50 m agus dar ga istigh 5,30 m. | |
| ➔5 1.7 🡐 | ➔5 *Ceanglais bhreise maidir le busanna*<br>Agus an fheithicil ina stad, cruthófar plána ceartingearach tadhlaíoch le taobh na feithicle a mbeidh a chúl leis an gciorcal aige, rud a dhéanfar trí líne a mharcáil ar an talamh. I gcás feithicil altach, déanfar an dá chuid dhochta a ailíniú leis an bplána.<br>Nuair a bhogfar an fheithicil de chur chuige líne dírí isteach san achar ciorclach a bhfuil tuairisc air i bpointe 1.6, ní rachaidh aon chuid di níos mó ná 0,60 m amach as an bplána ceartingearach sin. 🡐 | |
| 1.8 | An fad uasta idir ais pionna ceann aise an chúigiú roth agus cúl an leathleantóra | 12,00 m |
| 1.9 | Fad uasta na traenach bóthair ón bpointe seachtrach is faide chun tosaigh den láthair lastála taobh thiar den chábán go dtí an pointe seachtrach is faide siar de leantóir an chónaisc, lúide an t-achar idir cúl na feithicle tarraingthe agus tosach an leantóra, agus an fad sin tomhaiste comhthreomhar leis an bhfad-ais | 15,65 m |
| 1.10 | Fad uasta na traenach bóthair ón bpointe seachtrach is faide chun tosaigh den láthair lastála taobh thiar den chábán go dtí an pointe seachtrach is faide siar de leantóir an chónaisc, agus an fad sin tomhaiste comhthreomhar leis an bhfad-ais | 16,40 m |
| 2. | *Meáchan uasta údaraithe feithicle (i dtonnaí)* | |
| 2.1 | *Feithiclí atá ina gcuid de chónasc feithiclí* | |
| 2.1.1 | Leantóir dhá acastóir | 18 dtonna |
| 2.1.2 | Leantóir trí acastóir | 24 dtonna |

| | | |
|---|---|---|
| 2.2 | *Cónaisc feithiclí* | |
| 2.2.1 | Traenacha bóthair a bhfuil cúig nó sé acastóir acu | |
| | (a) mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leantóir trí acastóir | 40 tonna |
| | (b) mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leantóir dhá nó trí acastóir | 40 tonna |
| | ➔6 I gcás cónaisc feithiclí, lena n-áirítear feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó feithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear sa Roinn seo faoi mheáchan breise an bhreosla mhalartaigh nó na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 1 tonna agus 2 thonna faoi seach. ➔ | |
| 2.2.2 | Feithiclí altacha a bhfuil cúig nó sé acastóir acu | |
| | (a) mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leathleantóir trí acastóir | 40 tonna |
| | (b) mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leathleantóir dhá nó trí acastóir | 40 tonna |
| | ➔7 (c) mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leathleantóir trí acastóir a iompraíonn coimeádán nó cabhail shogluaiste amháin nó níos mó dar fada uasta iomlán 45 troithe in oibríochtaí iompair idirmhódúil ➔ | ➔7 42 thonna ➔ |
| | ➔8 (d) mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leathleantóir dhá nó trí acastóir a iompraíonn coimeádán nó cabhail shogluaiste amháin nó níos mó dar fada uasta iomlán 45 troithe in oibríochtaí iompair idirmhódúil ➔ | ➔8 44 thonna ➔ |
| | ➔6 I gcás cónaisc feithiclí, lena n-áirítear feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó feithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear sa Roinn seo faoi mheáchan breise an bhreosla mhalartaigh nó na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 1 tonna agus 2 thonna faoi seach. ➔ | |
| 2.2.3 | Traenacha bóthair ceithre acastóir arb é atá iontu mótarfheithicil dhá acastóir agus leantóir dhá acastóir<br>➔6 I gcás cónaisc feithiclí, lena n-áirítear feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó feithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar na meáchain údaraithe uasta dá | 36 thonna |

| | | |
|---|---|---|
| | bhforáiltear sa Roinn seo faoi mheáchan breise an bhreosla mhalartaigh nó na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 1 tonna agus 2 thonna faoi seach. 🡐 | |
| 2.2.4 | Feithiclí altacha ceithre acastóir arb é atá iontu mótarfheithicil dhá acastóir agus leathleantóir dhá acastóir, ach: | |
| 2.2.4.1 | 1,3 m nó níos mó a bheith san achar idir dhá acastóir an leathleantóra ach gan an t-achar sin a bheith níos mó ná 1,8 m | 36 thonna |
| 2.2.4.2 | an t-achar céanna a bheith níos mó ná 1.8 m | 36 thonna<br>+ 2 thonna i gcás ina n-urramaítear meáchan údaraithe uasta (MAW) na mótarfheithicle (18 dtonna) agus MAW acastóir teaindim an leathleantóra (20 tonna), nó inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den ⌦ Aontas ⌫ mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II |
| | 🡒6 I gcás cónaisc feithiclí, lena n-áirítear feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó feithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear sa Roinn seo faoi mheáchan breise an bhreosla mhalartaigh nó na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 1 tonna agus 2 thonna faoi seach. 🡐 | |

| | | |
|---|---|---|
| 2.3 | *Mótarfheithiclí* | |
| ➔9 2.3.1 ➔ | ➔9 Mótarfheithiclí dhá acastóir eile seachas busanna:<br>mótarfheithiclí dhá acastóir eile a úsáideann breoslaí malartacha seachas busanna: méadófar an meáchan údaraithe uasta 18 dtonna faoin meáchan breise is gá haghaidh na teicneolaíochta breosla mhalartaigh le huasmhéid tonna.<br>Feithiclí astaíochtaí nialasacha: méadófar an meáchan údaraithe uasta 18 dtonna faoi mheáchan breise na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid dhá tonna. | ➔9 18 dtonna ➔ |
| | busanna dhá acastóir:<br>➔10 Feithiclí astaíochtaí nialasacha: méadófar an meáchan údaraithe uasta 18 dtonna faoi mheáchan breise na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 2 thonna. ➔ ➔ | ➔9 19,5 tonna ➔ |
| ➔11 2.3.2 ➔ | ➔11 Mótarfheithiclí trí acastóir: ➔<br>⌦ Mótarfheithiclí trí acastóir a úsáideann breoslaí malartacha: méadófar an meáchan údaraithe uasta 25 thonna, nó 26 thonna i gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9,5 tonna meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí, faoin meáchan breise is gá le haghaidh na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid tonna. ⌫<br>⌦ Feithiclí astaíochtaí nialasacha trí acastóir: méadófar an meáchan údaraithe uasta 25 thonna, nó 26 thonna i gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tonna meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí, faoi mheáchan breise na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 2 thonna. ⌫ | ➔11 25 thonna, nó 26 thonna i gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9,5 tonna meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí ➔ |

| | | |
|---|---|---|
| 2.3.3 | Mótarfheithiclí ceithre acastóir a bhfuil dhá acastóir stiúrtha acu | —32 thonna, i gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den ⌦ Aontas ⌫ mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9,5 tonna meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí |
| ➔12 2.4 ⇐ | ➔12 Busanna altacha trí acastóir: ⇐<br>Busanna altacha trí acastóir a úsáideann breoslaí malartacha: méadófar an meáchan údaraithe uasta 28 dtonna faoin meáchan breise is gá haghaidh na teicneolaíochta breosla mhalartaigh le huasmhéid tonna.<br>⌦ Busanna trí acastóir ar feithiclí astaíochtaí nialasacha iad: méadófar an meáchan údaraithe uasta 28 dtonna faoi mheáchan breise theicneolaíocht na n-astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 2 thonna. ⌫ | ➔12 28 dtonna ⇐ |
| 3. | *Meáchain údaraithe uasta acastóirí na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) (i dtonnaí)* | |
| 3.1 | *Acastóirí aonair*<br>Acastóir neamhthiomána aonair | 10 dtonna |
| 3.2 | *Acastóirí teaindim leantóirí agus leathleantóirí*<br>Suim an mheáchain atá sna hacastóirí in acastóir teaindim, i gcás gach acastóra teaindim ní rachaidh an tsuim sin thar an méid seo, i gcás inarb é atá san fhad (d) atá idir na hacastóirí: | |
| 3.2.1 | níos lú ná 1 m ($d < 1,0$) | 11 thonna |
| 3.2.2 | idir 1,0 m agus níos lú ná 1,3 m ($1,0 \leq d < 1,3$) | 16 thonna |
| 3.2.3 | idir 1,3 m agus níos lú ná 1,8 m ($1,3 \leq d < 1,8$) | 18 dtonna |
| 3.2.4 | 1,8 m nó níos mó ($1,8 \leq d$) | 20 tonna |

| | | |
|---|---|---|
| 3.3 | *Trí-acastóirí leantóirí agus leathleantóirí*<br>Suim an mheáchain atá sna hacastóirí i dtrí-acastóir, i gcás gach trí-acastóra ní rachaidh an tsuim sin thar an méid seo, i gcás inarb é atá san fhad (d) atá idir na hacastóirí: | |
| 3.3.1 | 1,3 m nó níos lú ($d \leq 1,3$) | 21 thonna |
| 3.3.2 | níos mó ná 1,3 m agus suas le 1,4 m ($1,3 \leq d < 1,4$) | 24 thonna |
| 3.4 | *Acastóir tiomána* | |
| 3.4.1 | Acastóir tiomána na bhfeithiclí dá dtagraítear in 2.2.1 agus 2.2.2 | 11,5 tonna |
| 3.4.2 | Acastóir tiomána na bhfeithiclí dá dtagraítear i bpointí 2.2.3, 2.2.4, 2.3 agus 2.4 | 11,5 tonna |
| 3.5 | *Acastóirí teaindim mótarfheithicilí*<br>Suim an mheáchain atá sna hacastóirí in acastóir teaindim, i gcás gach acastóra teaindim ní rachaidh an tsuim sin thar an méid seo, i gcás inarb é atá san fhad (d) atá idir na hacastóirí: | |
| 3.5.1 | níos lú ná 1 m ($d < 1,0$) | 11,5 tonna |
| 3.5.2 | 1,0 m nó níos mó ach níos lú ná 1,3 m<br>($1,0 \leq d < 1,3$) | 16 thonna |
| 3.5.3 | 1,3 m nó níos mó ach níos lú ná 1,8 m<br>($1,3 \leq d < 1,8$) | —18 dtonna<br>—19 dtonna, i gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den ⌦ Aontas ⌫ mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9,5 tonna meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí |

| | | |
|---|---|---|
| 4. | *Airíonna gaolmhara na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b)* | |
| 4.1 | *Gach feithicil*<br><br>An meáchan atá ar iompar ag acastóir tiomána nó acastóirí tiomána feithicle nó cónaisc feithiclí, is gá nach lú an meáchan sin ná 25 % de mheáchan ualaithe iomlán na feithicle nó an chónaisc feithiclí agus í/é á (h)úsáid sa trácht idirnáisiúnta. | |
| 4.2 | *Traenacha bóthair*<br><br>An t-achar idir acastóir cúil mótarfheithicle agus acastóir tosaigh leantóra, is gá nach lú é ná 3,00 m. | |
| 4.3 | *An meáchan údaraithe uasta de réir an rothfhaid*<br><br>An meáchan údaraithe uasta i dtonnaí atá i mótarfheithicil ceithre acastóir, ní bheidh sé níos mó ná cúig oiread an achair i méadair idir ais acastóir tosaigh na feithicle agus ais an acastóra is faide siar. | |
| 4.4 | *Leathleantóirí*<br><br>An fad a thomhaistear go cothrománach idir ais pionna ceann aise an chúigiú roth agus aon phointe ag tosach an leathleantóra, ná bíodh sé thar 2,04 m. | |

## IARSCRÍBHINN II

## COINNÍOLLACHA A BHAINEANN LE COIBHÉIS IDIR CÓRAIS ÁIRITHE CROCHTA NACH CÓRAIS AERCHROCHTA IAD AGUS AN tAERCHROCHADH LE hAGHAIDH ACASTÓRA (NÓ ACASTÓIRÍ) TIOMÁNA FEITHICLE

### 1. SAINMHÍNIÚ AR AN AERCHROCHADH

Measfar gur córas aerchrochta atá i gcóras crochta más é an sprionga aeir is cúis le 75 % ar a laghad den éifeacht sprionga.

### 2. COIBHÉIS LEIS AN AERCHROCHADH

Crochadh a aithnítear a bheith coibhéiseach leis an aerchrochadh, beidh sé i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

2.1. le linn ascalú ingearach na maise crochta os cionn acastóir tiomána nó bógaí, ar ascalú saor neamhbhuan ísealmhinicíochta é, an mhinicíocht agus an maolú a thomhaisfear agus an t-ualach uasta ar iompar ag an gcrochadh, ní mór dóibh a bheith laistigh de na teorainneacha a shainítear i bpointí 2.2. go 2.5;

2.2. ní mór maolaire hiodrálach a fheistiú ar gach acastóir. Ar bhógaithe acastóirí teaindim, ní mór na maolairí a shuíomh sa chaoi is go n-íoslaghdófar ascalú an na mbógaithe;

2.3. an meánchóimheas maolúcháin D, is gá gur mó é ná 20 % den mhaolú criticiúil a bhíonn ann le haghaidh an chrochta faoi na gnáthchoinníollacha agus na maolairí hiodrálacha i bhfeidhm agus ag oibriú;

2.4. cóimheas maolúcháin D an chrochta agus gach maolaire hiodrálach bainte nó éagumasaithe, is gá nach mó é ná 50 % de D;

2.5. minicíocht na maise crochta a bheidh ag ascalú go hingearach os cionn an acastóra tiomána nó an bhógaí, ar ascalú neamhbhuan saor a bheidh san ascalú sin aici, is gá nach airde an mhinicíocht sin ná 2,0 Hz;

2.6. luaitear minicíocht agus maolú an chrochta i bpointe 3. Na nósanna imeachta tástála chun an mhinicíocht agus an maolú a thomhas, leagtar síos iad i bpointe 4.

### 3. SAINMHÍNIÚ AR AN MINICÍOCHT AGUS AN MAOLÚ

Is le mais chrochta M (kg) os cionn acastóir tiomána nó bógaí a bhaineann an sainmhíniú seo. An righneas ingearach iomlán atá san acastóir nó sa bhogaí idir dromchla an bhóthair agus an mhais chrochta, is K Niútan/méadar (N/m) atá ann, agus an chomhéifeacht mhaolaithe iomlán atá ag baint leis, is C Niútan in aghaidh an mhéadair in aghaidh an tsoicind (N.s/m) atá ann. Is ionann Z agus díláithriúchán ingearach na maise crochta. Is éard atá i gcothromóid na gluaisne maidir le hascalú saor na maise crochta: $M\frac{d^2Z}{dt^2} + C\frac{dZ}{dt} + kZ = 0$

Is éard atá i minicíocht ascalaithe na maise crochta F (raid/soic): $F = \sqrt{\frac{K}{M} - \frac{C^2}{4M^2}}$

Maolú criticiúil atá sa mhaolú nuair $C = C_o$,

nuair

$C_o = 2\sqrt{KM}$

Is éard atá sa chóimheas maolúcháin, mar chodán den mhaolú criticiúil, $\frac{C}{C_o}$.

Le linn ascalú neamhbhuan saor na maise crochta, leanfaidh gluaisne ingearach na maise conair shíneasóideach mhaolaithe (Fíor 2). Is féidir an mhinicíocht a mheas tríd an am a thomhas maidir leis an oiread timthriallacha ascalaithe agus is féidir a scrúdú. Is féidir an maolú a mheas trí airde buaiceanna comhleanúnacha an ascalaithe sa treo céanna a thomhas. Na buaic-aimplitiúidí den chéad agus den dara timthriall ascalaithe, más ionann iad agus $A_1$ agus $A_2$ faoi seach, is é an cóimheas maolúcháin atá ann;

$D = \frac{C}{C_o} = \frac{1}{2\pi} \cdot \ln\frac{A_1}{A_2}$ is ionann 'ln' agus logartam nádúrtha an chóimheasa aimplitiúide.

## 4. NÓS IMEACHTA TÁSTÁLA

An cóimheas maolúcháin D, an cóimheas maolúcháin a bhíonn i gceist agus na maolairí hiodrálacha bainte, agus minicíocht F an chrochta, chun na nithe sin a shuí, déanfaidh an fheithicil ualaithe:

(a) a thiomáint ag luas íseal (5 km/u ± 1 km/u) thar chéim 80 mm lena mbaineann an bpróifíl a thaispeántar i bhFíor 1. An t-ascalú neamhbhuan a bhfuil anailís le déanamh air ó thaobh minicíochta agus maolaithe, is tar éis do rotha an acastóra tiomána imeacht den chéim a tharlaíonn an t-ascalú sin;

nó

(b) a tharraingt anuas dá fhonnadh ionas gurb ionann ualach an acastóra tiomána agus 1,5 oiread an uasluach stataigh atá aige. An fheithicil atá á coinneáil síos, scaoiltear go tobann í agus déantar anailís ar an ascalú a leanann;


nó

(c) a tharraingt aníos dá fhonnadh ionas go n-ardaítear an mhais chrochta 80 mm os cionn an acastóra tiomána. An fheithicil atá á coinneáil suas, scaoiltear go tobann í agus déantar anailís ar an ascalú a leanann;

nó


(d) a bheith faoi réir nósanna imeachta eile a mhéid is gur chruthaigh an monaróir, chun sástacht na seirbhíse teicniúla, gur comhionann iad.

Déanfar trasduchtóir díláithriúcháin ingearach a fheistiú ar an bhfeithicil idir an t-acastóir tiomána agus an fonnadh, díreach os cionn an acastóra tiomána. Ón rian, an t-eatramh idir an chéad bhuaic chomhbhrú agus an dara ceann, is féidir é a thomhas chun an mhinicíocht F a fháil, agus is féidir an cóimheas aimplitiúide a thomhas chun an maolú a fháil. I gcás bógaithe dé-thiomána, déanfar trasduchtóirí díláithriúcháin ingearacha a fheistiú idir gach acastóir tiomána agus an fonnadh díreach os a chionn.




*Fíor 1*

**An chéim le haghaidh tástálacha crochta**




*Fíor 2*

**Freagairt neamhbhuan mhaolaithe**

## IARSCRÍBHINN III

## PLÁTA A BHAINEANN LE TOISÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6(1), pointe (a)

I. An pláta a bhaineann le toisí, pláta a ghreamaítear in aice leis an bpláta dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 19/2011 chomh fada agus is féidir, beidh na sonraí seo a leanas ann:

1. ainm an mhonaróra[1];
2. uimhir aitheantais na feithicle[2];
3. fad na mótarfheithicle, an leantóra nó an leathleantóra (L);
4. leithead na mótarfheithicle, an leantóra nó an leathleantóra (W);
5. sonraí maidir le fad cónasc feithiclí a thomhas:

   – an t-achar (a) idir tosach na mótarfheithicle agus lár an ghairis cúplála (an crúca cúplála nó an cúigiú roth); i gcás cúigiú roth a bhfuil roinnt pointí cúplála air, ní mór na luachanna íosta agus uasta a thabhairt ($a_{íosta}$ agus $a_{uasta}$);

   – an t-achar (b) idir lár ghaireas cúplála an leantóra (fáinne an chúigiú roth) nó an leathleantóra (pionna ceann aise) agus cúl an leantóra nó an leathleantóra; I gcás gairis a bhfuil roinnt pointí cúplála air, ní mór na luachanna íosta agus uasta a thabhairt ($b_{íosta}$ agus $b_{uasta}$).

   Is é a bheidh i bhfad na gcónasc feithiclí fad na mótarfheithicle agus an leantóra nó an leathleantóra agus iad curtha i líne dhíreach taobh thiar dá chéile.

II. Na luachanna a thugtar ar an gcruthúnas ar chomhlíonadh, is atáirgeadh díreach a bheidh iontu ar na tomhais a rinneadh go díreach ar an bhfeithicil.

---

[1] Ní gá an fhaisnéis sin a athrá i gcás ina bhfuil pláta aonair ar iompar ag an bhfeithicil ina bhfuil sonraí maidir le meáchain agus toisí araon.

[2] Ní gá an fhaisnéis sin a athrá i gcás ina bhfuil pláta aonair ar iompar ag an bhfeithicil ina bhfuil sonraí maidir le meáchain agus toisí araon.

## IARSCRÍBHINN IV

Cuid A

**An Treoir aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi**
**(dá dtagraítear in Airteagal 20)**

Treoir 96/53/CE ón gComhairle
(IO L 235, 17.9.1996, lch. 59)

| | |
|---|---|
| Treoir 2002/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 67, 9.3.2002, lch. 47) | |
| Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 115, 6.5.2015, lch. 1) | |
| Treoir (AE) 2019/984 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 164, 20.6.2019, lch. 30) | |
| Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202) | Airteagal 20 amháin |

Cuid B

**Teorainneacha ama le haghaidh an trasuí sa dlí náisiúnta**
**(dá dtagraítear in Airteagal 20)**

| Treoir | Teorainn ama le haghaidh an trasuí |
|---|---|
| 96/53/CE | An 17 Meán Fómhair 1997 |
| 2002/7/CE | An 9 Márta 2004 |
| (AE) 2015/719 | An 7 Bealtaine 2017 |

## IARSCRÍBHINN V

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Treoir 96/53/CE | An Treoir seo |
| --- | --- |
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 2, an chéad fhleasc | Airteagal 2, pointe 1 |
| Airteagal 2, an dara fleasc | Airteagal 2, pointe 2 |
| Airteagal 2, an tríú fleasc | Airteagal 2, pointe 3 |
| Airteagal 2, an ceathrú fleasc, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 2, pointe 4, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 2, an ceathrú fleasc, an chéad fho-fhleasc | Airteagal 2, pointe 4(a) |
| Airteagal 2, an ceathrú fleasc, an dara fo-fhleasc | Airteagal 2, pointe 4(b) |
| Airteagal 2, an cúigiú fleasc | Airteagal 2, pointe 5 |
| Airteagal 2, an séú fleasc | Airteagal 2, pointe 6 |
| Airteagal 2, an seachtú fleasc | Airteagal 2, pointe 7 |
| Airteagal 2, an t-ochtú fleasc | Airteagal 2, pointe 8 |
| Airteagal 2, an naoú fleasc | Airteagal 2, pointe 9 |
| Airteagal 2, an deichiú fleasc | Airteagal 2, pointe 10 |
| Airteagal 2, an t-aonú fleasc déag | Airteagal 2, pointe 11 |
| Airteagal 2, an dara fleasc déag | Airteagal 2, pointe 12 |
| Airteagal 2, an tríú fleasc déag | Airteagal 2, pointe 13 |
| Airteagal 2, an ceathrú fleasc déag | Airteagal 2, pointe 14 |
| Airteagal 2, an cúigiú fleasc déag | Airteagal 2, pointe 15 |
| Airteagal 2, an séú fleasc déag | Airteagal 2, pointe 16 |
| Airteagal 2, an seachtú fleasc déag | Airteagal 2, pointe 17 |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 4(1) go (5) | Airteagal 4(1) go (5) |
| Airteagal 4(7) | - |
| Airteagal 5 | Airteagal 5 |
| Airteagal 6(1), (2) agus (3) | Airteagal 6(1), (2) agus (3) |
| Airteagal 6(4), an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 6(4), an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 6(4), an chéad fhleasc | Airteagal 6(4)(a) |
| Airteagal 6(4), an dara fleasc | Airteagal 6(4)(b) |
| Airteagal 6(5) agus (6) | Airteagal 6(5) agus (6) |
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Airteagal 8b(1) | Airteagal 8(1) |
| Airteagal 8b(2), an chéad fhomhír | Airteagal 8(2) |
| Airteagal 8b(2), an dara agus an tríú fomhír | - |
| Airteagal 8b(3) agus (4) | Airteagal 8(3) agus (4) |
| Airteagal 8b(5) | - |
| Airteagal 9a(1) | Airteagal 9(1) |
| Airteagal 9a(2), an chéad fhomhír | Airteagal 9(2), an chéad fhomhír |
| Airteagal 9a(2), an dara fomhír | - |
| Airteagal 9a(3) | - |
| Airteagal 10 | Airteagal 20 |
| Airteagal 10b | Airteagal 10 |
| Airteagal 10c | Airteagal 11 |
| Airteagal 10d | Airteagal 12 |
| Airteagal 10e | Airteagal 13 |
| Airteagal 10f | Airteagal 14 |
| Airteagal 10g | Airteagal 15 |
| Airteagal 10h(1), (2) agus (3) | Airteagal 16(1), (2) agus (3) |
| - | Airteagal 16(4) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 10h(4) | Airteagal 16(5) |
| Airteagal 10h(5) | Airteagal 16(6) |
| Airteagal 10i | Airteagal 17 |
| Airteagal 10j | Airteagal 18 |
| Airteagal 11 | Airteagal 19 |
| Airteagal 12 | Airteagal 21 |
| Airteagal 13 | Airteagal 22 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn IV | Iarscríbhinn IV |
| Iarscríbhinn V | Iarscríbhinn V |